C/2025/5301

30.9.2025

Fógra le haghaidh na ndaoine aonair agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine

(C/2025/5301)

Cuirtear in iúl do na daoine agus na heintitis a luaitear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2025/1971 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1982 ón gComhairle ([4]) a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine, an fhaisnéis seo a leanas.

Féadfaidh na daoine aonair agus na heintitis lena mbaineann, aon tráth, iarraidh ar athbhreithniú ar an gcinneadh iad a áireamh ar liosta na Náisiún Aontaithe, mar aon le haon doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid Choiste 1737 na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 1695 (2006) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Ba cheart an iarraidh sin a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas:

Focal Point for De-listing

Security Council Subsidiary Organs Branch
Room DC2 2034
United Nations
Nua Eabhrac, N.Y. 10017
Stáit Aontaithe Mheiriceá
Teil.: +1 917 367 9448
Facs: +1 917 367 0460
Ríomhphost: delisting@un.org

Cuirtear in iúl do na daoine agus na heintitis lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme 2025/1982 ón gComhairle, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 26 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine aonair agus na heintitis lena mbaineann iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle, in éineacht le doiciméadacht tacaíochta, gur cheart breathnú arís ar an gcinneadh iad a chur ar an liosta thuasluaite, chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirtear in iúl do na daoine agus na heintitis lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 275, an dara mír, agus in Airteagal 263, an ceathrú agus an séú mír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 195, 27.7.2010, lch. 39.
([2]) IO L, 2025/1971, 29.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1971/oj.
([3]) IO L 88, 24.3.2012, lch. 1.
([4]) IO L, 2025/1982, 29.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1982/oj.